Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2013**

# Stair

## Aonad 1: Grinnstaidéar

## Ardsraith

**[GHY12]**

**DÉ LUAIN 3 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **ceithre** cheist: **dhá** cheist ón **ábhar roghnaithe agat** i Roinn A **agus dhá** cheist ón **ábhar roghnaithe agat** i Roinn B.

Tig leat tuilleadh leathanach a fháil le do fhreagraí a chríochnú ach iad a iarraidh.
Ceangail na leathanaigh seo den leabhrán agat leis an scorán comhaid atá ar fáil.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcodanna **(b)**, **(c)** agus **(d)** de na ceisteanna uile.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**LEATHANACH BÁN**

Freagair **ceithre** cheist.

## Roinn A

Freagair **dhá** cheist ón **ábhar roghnaithe agat**


| | | Leathanaigh |
|---|---|---|
| **Rogha 1:** | An Ghearmáin 1918–1941 | 4–5 |


## Roinn B

Freagair **dhá** cheist ón **ábhar roghnaithe agat**


| | | |
|---|---|---|
| **Rogha 5:** | Caidreamh ag Athrú:<br>An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985 | 6–7 |

## Roinn A

Freagair **dhá** cheist ón ábhar roghnaithe agat

### Rogha 1: An Ghearmáin, 1918–1941

Freagair **dhá** cheist ar bith.
Ba chóir duit na codanna uilig den cheist a fhreagairt.

**1 Iarmhairtí an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus Poblacht Weimar is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** dhóigh a raibh rialtais Weimar faoi bhagairt ag cur in éadan foréigneach idir 1919 agus 1923. [2]

**(b)** Cad iad na dóigheanna a ndeachaigh Bunreacht Weimar i bhfeidhm ar an dóigh ar rialaíodh an Ghearmáin i ndiaidh 1919? [5]

**(c)** Cad é mar a mheall na Naitsithe daoine le tacú leo sa Ghearmáin idir 1929 agus Eanáir 1933? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige a raibh fadhbanna eacnamaíocha ag an Ghearmáin idir 1919 agus 1930. Déan tagairt do na pointí le hurchair thíos i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Tionchar an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus an hipearbhoilscithe, 1919–1923
- Tionchar na n-iasachtaí eachtracha agus Chliseadh Wall Street ar an Ghearmáin, 1924–1930. [12]

**2 An Ghearmáin Naitsíoch, 1933–1939, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** fháth a raibh na Naitsithe ag iarraidh smacht a bheith acu ar shaol na ndaoine óga sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939. [2]

**(b)** Cad iad na dóigheanna ar athraigh saol na mban sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939? [5]

**(c)** Cad é mar a chomhdhlúthaigh na Naitsithe a gcumhacht pholaitiúil sa Ghearmáin idir Eanáir 1933 agus Lúnasa 1934? [6]

**(d)** Mínigh an dóigh a ndearna na Naitsithe iarracht saol na nGiúdach agus an lucht oibre a rialú sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939. Déan tagairt do na pointí le hurchair thíos i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Dlithe agus gníomhartha i leith na nGiúdach
- Polasaithe agus gníomhartha i leith na n-oibrithe [12]

**3 Polasaithe agus Gníomhartha na Naitsithe san Eoraip, 1933–1941, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** aidhm a bhí ag polasaí eachtrach na Naitsithe. [2]

**(b)** Cad é an dóigh ar athraigh caidreamh idir an Ghearmáin agus APSS (*USSR*) idir 1939 agus 1941? [5]

**(c)** Cad é an dóigh ar éirigh leis na Naitsithe an Sudetenland agus an chuid eile den tSeicslóvaic a chur faoi smacht faoin bhliain 1939? [6]

**(d)** Mínigh an dóigh ar sháraigh an Ghearmáin téarmaí Chonradh Versailles idir 1933 agus 1938. Déan tagairt do na pointí le hurchair thíos i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Atharmáil, 1933–1936
- Anschluss leis an Ostair. [12]

## Roinn B

Freagair **dhá** cheist ón ábhar roghnaithe agat

### Rogha 5: Caidreamh ag Athrú: An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985

Freagair **dhá** cheist ar bith.
Ba chóir duit na codanna uilig den cheist a fhreagairt.

**13 Tuaisceart Éireann sna 1960í agus an Caidreamh aici le Poblacht na hÉireann is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** bheart a rinne O'Neill le caidreamh níos fearr a chothú le Poblacht na hÉireann. [2]

**(b)** Cad é mar a rinne O'Neill iarracht forbairt eacnamaíoch a thabhairt go Tuaisceart Éireann sna 1960í? [5]

**(c)** Cad é mar a d'fhreagair rialtas Thuaisceart Éireann agus an pobal aontachtach do ghluaiseacht na gceart sibhialta sna 1960í? [6]

**(d)** Mínigh an fáth ar tháinig Cumann Cearta Sibhialta Thuaisceart Éireann (CCSTÉ) (*NICRA*) ar an saol i ndeireadh na 1960í agus an dóigh a ndearna sé iarracht a chuid aidhmeanna a bhaint amach. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Fáthanna ar tháinig (CCSTÉ) (*NICRA*) ar an saol
- Gníomhartha (CCSTÉ) (*NICRA*) [12]

**14 Géarú ar Chorraíl Pholaitiúil agus Shibhialta is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** aidhm a bhí ag Óglaigh Uladh (*UVF*). [2]

**(b)** Cad é mar a d'fhreagair muintir Thuaisceart Éireann do na heachtraí ar Dhomhnach na Fola, Eanáir 1972? [5]

**(c)** Cad iad na dóigheanna ar fhreagair náisiúnaithe agus aontachtaithe do thabhairt isteach an imtheorannaithe i mí Lúnasa 1971? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige agus cad é an dóigh ar fhreagair Rialtas na Breataine do na heachtraí i dTuaisceart Éireann i samhradh na bliana 1969. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Foréigean i mí Iúil agus i mí Lúnasa, 1969
- Freagairt mhíleata agus pholaitiúil Rialtas na Breataine. [12]

**15 Réiteach á Lorg is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** fháth leis na Stailceanna Ocrais sna blianta 1980–1981. [2]

**(b)** Cad é mar a chuaigh stailc Chomhairle Oibrithe Uladh (*UWC*) i mí Bhealtaine 1974 i bhfeidhm ar Thuaisceart Éireann? [5]

**(c)** Cad é mar a chuaigh na Stailceanna Ocrais i bhfeidhm ar Shinn Féin agus ar Pháirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre (*SDLP*)? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige agus cad é an dóigh ar fhreagair muintir Thuaisceart Éireann don Chomhaontú Angla-Éireannach, 1985. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Dearcthaí agus gníomhartha na n-aontachtaithe
- Dearcthaí agus gníomhartha na náisiúnaithe [12]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

8102.03/3